## RÉAMHRÁ

Is maith liom go bhfuil an leabhar seo Shéamais Mhic an Iomaire ar fáil, mar, ó thosaigh an saol nua, níor cuireadh aon leabhar i gcló atá in ann cinnt air.

Iascaire a bhfuil seaneolas aige ar iascaireacht agus bádóireacht a scríobh é. Ní mheasaim go bhfuil aon iascaire in Éirinn a bhfuil a eolas aige ar Ghaeilge, agus is cinnte nach bhfuil aon fhear ag scríobh Gaeilge atá in ann a ghabháil chun céimíochta leis maidir leis an iascaireacht. Fear a chuir trí cinn is daichead d'ainmneacha cineálacha feamainne le chéile agus a thug sampla de gach ceann acu ní beag a eolas ar chladaí. Insíonn sé sin freisin go raibh Gaeil na seanaimsire grinn le rudaí a bhí faoina súile a thabhairt faoi deara agus ainm a chur orthu. Leabhra móra éargna beodhúilíochta na Gearmáine agus cuir ar fáil iad agus ní bhfaighidh tú aon liosta mar sin iontu – ná mórán lena leath. Ní dóigh liom go bhfaighidh tú bádóir in aon ríocht in iarthar domhain ná in oirthear domhain a scríobhfadh leabhar mar é ina theanga féin.

Níor chuidigh an t-eolas seo le Séamas le slí bheatha a fháil ina thír féin. B'éigean dó Meiriceá a thabhairt dó féin, an áit a gcaithfeadh sé ó bhliain go chéile gan grian an lae a fheiceáil, go ndeachaigh sé faoina shláinte. Míle buíochas le Dia, tá a shláinte aríst ar ais aige.

Seo é an rud a scríobh Séamas é féin ag cur síos dó ar an gcaoi ar scríobh sé an leabhar:

"Sa leaba a scríobh mé formhór na ndréachtaí sin mar ní raibh aon chead agam éirí. Dúirt an dochtúir nach raibh aon dochar trí nó a ceathair de leathanacha mar seo a scríobh sa ló – is é sin tar éis mé a bheith sé mhí i mo luí ar fhleasc mo dhroma gan cor ná car a chur asam. Tar éis an achair sin – ab fhacthas dom a bheith chomh fada le dhá bhliain – ba mhór an



caitheamh aimsire dom a bheith ag scríobh na ndréachtaí ar chlár a bhí trasna ar mo ghlúine. Is minic a scríobhainn ocht leathanach sa ló, gí nach bhfuil a fhios ag an dochtúir sin fós – ach deirtear nuair a thugtar banlámh don bhodach . . . D'athscríobh mé cuid acu; mar bhí an chéad iarracht rófhada, ghiorraigh mé iad. Murach sin bheadh tuilleadh faid sa scríbhinn, ach níor fhág mé aon ní amuigh, sílim, a d'fhágfadh aon bhearna mháchaileach sa tuairisc. Lean mé chomh dlúth is ab fhéidir liom don mhéid eolais a bhí agam féin i mo cheann."

"Bhí orm a ghabháil siar sna blianta go dtí an t-am a raibh mé deich mbliana nó mar sin; is ea, ansin bhí mé mar a bheinn ag féachaint isteach i scáthán le súile m'intinne. Bhreac mé síos, ansin, chomh mionchruinn is ab fhéidir liom na pictiúir ab fhacthas dom a chonaic mé sa ngloine sin. Is minic a bhínn chomh domhain ar chosán na smaointí mianúla sin is go ndéanainn dearmad glan go raibh mé i dtír choimhthíoch i mo luí ar shlat mo dhroma leis an eitinn. Is minic, freisin, a bhínn ag caint trí mo chodladh. Nuair a dhúisínn, bhíodh an té a bhíodh ag freastal orm ag briseadh a croí ag gáirí; is é mo thuairim nár thuig sí mé is dóigh, mar gur thiar i gConamara a bhínn ag tógáil potaí nó spiléid nó líonta, agus b'fhéidir ag mallaíocht ar fhíogaigh, nó ar chrosáin! Is maith an scéal nár thuig. Thagainn ar ais de phreab as na smaointí sin nuair a dhearcainn amach tríd an bhfuinneog ar na carranna, agus ar na soilse aibhléise ag iompú dearg is uaine ó am go ham. Fothram agus gleo na cathrach á dhearbhú dom cá raibh mé. Dhaingnigh mé cúpla adhairt le mo dhroim, chuir mé an píosa de chlár trasna ar mo ghlúine, rug mé ar an bpeann agus cheap mé dréacht eile, le dearmad a dhéanamh ar an mí-ádh. Is mar sin a chuir mé isteach an aimsir ar feadh bliana."

"Táim le trí bliana anseo agus cheithre mhí, is

níor chuala mé focal Gaeilge ar feadh an achair sin. Bhí seans eicínt í a chloisteáil i Nua-Eabhrac."

Cén fáth, a déarfadh duine, nach ndeachaigh Séamas Mac an Iomaire ag múineadh Gaeilge anseo sa mbaile? Má chuaigh, is cosúil nach raibh sé in ann na húdair a shásamh, nó, má bhí, ní hé seo an cineál eolais ná an cineál Gaeilge a bhí ag teastáil uathu. Más linn Gaeilge rathúil a chur ar bun ba cheart dúinn Séamas agus a leithéidí a thabhairt ar ais go hÉirinn agus a gcoinneáil in Éirinn nuair a bheas siad ar fáil. Tá go leor daoine lántsásta leacht a chur os cionn duine nuair atá sé marbh nach gcuirfeadh greim ina bhéal nuair atá sé i riocht leas a bhaint as.

Tomás Ó Máille

## AN tEAGRÁN NUA SEO

Foilsíodh *Cladaí Chonamara* den chéad uair i 1938. San eagrán nua seo tá caighdeánú ar an litriú agus ar roinnt foirmeacha; maidir leis an deilbhíocht is caighdeánú scaoilte canúnach atá déanta uirthi, rud a fhágann go bhfuil blas Ghaeilge an cheantair ar an leabhar. Ní tuairisc ar an gcanúint an leabhar áfach. Is léaráidí agus grianghraif nua ar fad atá san eagrán nua seo agus tá léarscáil curtha ann mar chuidiú don léitheoir.

Máirtín C. Ó Cadhain



# MUÍNIS

IS mór an lán oileán atá i gCuan na Gaillimhe in iarthar na hÉireann, agus tá fúm cur síos beag a dhéanamh ar cheann de na hoileáin seo a raibh mé i mo chónaí air tráth den saol. Feicim le súile m'intinne anois féin na botháin úd, agus na hoileáin agus na radharcanna áille a bhí i mo thimpeall an t-am úd i Muínis. Is maith a fheileas an t-ainm Muínis, i.e. maigh (má) + inis, mar is má bhreá chothrom réidh atá i go leor de agus an fharraige mórthimpeall. Tá sé tuairim dhá mhíle ar fhad agus míle go leith ar leithead. Má tá dumhach nó má féin ann, ní fhágann sin nach bhfuil go leor áiteacha achrannacha garbha ann, ardáin agus ísleáin, ailltreacha móra agus beaga, agus clochar cloch go mírialta anseo is ansiúd.

Ar an taobh ó dheas agus thiar is fiáin garbh an t-imeallbhord é. San áit a raibh an talamh bog tá sé ite isteach ag oibriú na farraige. Aircíní a thugtar ar na mantanna sin atá ag síneadh isteach tríd an talamh mar a bheadh géaga ón muir agus fiacla dalba dána crua de mhulláin mhóra eibhir ag síneadh amach agus ag tabhairt dhúshlán na mbristí. Is cosúil le calaí i gcomhair bád na haircíní céanna. Cúng go maith sa mbéal isteach, agus fairsing taobh istigh, aillreacha arda ar gach taobh le foscadh a dhéanamh, agus áiteacha anseo is ansiúd le theacht i dtír. Níl an t-imeallbhord ar an taobh thoir ná ó thuaidh chomh fiáin sin. Tá roinnt dídine ann ó aghaidh na teiscinne móire.

In aice na mara is líonmhaire atá na tithe, mar is ón bhfarraige is mó atá cothú na ndaoine. Saothraíonn siad a mbeatha go crua le hiascach is ceilpeadóireacht, go moch is go mall le soineann is doineann, amuigh

ar ucht ard na dtonn, agus a gcois go minic ar bhruach na huaighe.

Maidir le talamh, níl sin acu ach an fíorbheagán, na garranta beaga líonta le clocha, agus in áiteacha gan troigh ar domhain sa bhfód. An talamh gainimh, níl mórán brí ná maitheasa leis le haghaidh barr ar bith. Ach mar sin féin bliain chóiriúil fásann na fataí go maith. Feamainn atá mar ábhar leasaithe agus deirtear gur maith an leasú í freisin.

Níl mórán de mhaoin shaolta ag an dream seo ach ag stracadh leis an saol go hanróiteach. Ar feadh an tsamhraidh agus an fhómhair saothraíonn siad beagán ach is gearr le ghabháil é an chuid eile den bhliain. Drochdhlíthe agus tíorántacht, a bhí á n-imirt orthu leis na céadta bliain, a d'fhág go dona iad.

Maidir le cíos is cáin, níorbh fhiú trácht orthu ar ghualainn na ndrochghníomhartha eile. Bánaíodh an áit tráth, dála mar a rinneadh le go leor áiteacha eile ar fud na hÉireann. Díbríodh na daoine amach as a gcuid gabháltas agus leagadh a gcuid tithe. D'fhulaing siad a lán pionós agus céasadh ó bháillí an tiarna agus ó bhuíon na ngróití iarainn, a bhfuil lorg a láimhe le feiceáil go soiléir go fóill; seanbhallaí loma uaigneacha a bhfuil an t-eidheann agus an caonach ag fás taobh amuigh, agus neantóga taobh istigh. Rinneadh feall mór, ach deir an seanfhocal "go bhfilleann an feall ar an bhfeallaire."

Timpeall le cheithre fichid teach atá ar an oileán seo agus iad suite go deas te teolaí cois na mara. Tithe ceann tuí a bhformhór. Cuirtear díon nua orthu i gcónaí faoi Shamhain, nuair a bhíos an geimhreadh agus an drochaimsir ar ghoirt an bhaile mar "ní hé lá na gaoithe lá na scolb." Tá suim blianta ó shin, cuireadh droichead ag greamú an oileáin le talamh na tíre. Roimhe sin b'aistreánach an áit é, mar chaití iomlacht a dhéanamh le báid le rud ar bith a chur amach ná a thabhairt isteach.



In aimsir an Chogaidh Mhóir tháinig go leor earraí luachmhara áirgiúla isteach i dtír ann ó loingseacha tráchtála a chuir an Gearmánach go grinneall amuigh ar an aigéan mór. Rinne muintir na háite go maith san am sin ar na hearraí a tháinig isteach. Níl cuntas ar bith ar an méid adhmaid a sheol isteach, bairillí rum agus gach saghas ola, geir, blonag, pacaí cadáis agus mar sin. Nuair a bháití na soithí siar ó Cheann Léime, go hiondúil bhíodh an ghaoth thiar agus thiar aneas, agus thagadh an méid a bhíodh sa long aniar ar dhroim na bóchna le sruth agus gaoth. Deir an seanfhocal féin "nach bhfuil olc a thig nach fearrde duine eicínt."

Ní hé amháin an méid a thagadh isteach i dtír ar chladach an oileáin, ach bhíodh na báid amuigh gach lá ar an bhfarraige ar lorg na n-éadálacha luachmhara. Is minic a chastaí earraí leo nárbh fhéidir leo a thabhairt ar bord. Bhíodh orthu iad sin a cheangal le ceann téide agus a dtarraingt i dtír. Bhíodh saol deas acu ag seoltóireacht, ag imeacht le cóir agus uaireanta eile ag tornáil, nó go mbíodh sé in am a theacht abhaile le titim dhubh dhorcha na hoíche.

Is aoibhinn an áit é sa samhradh nuair a bhíos an mhuir ina clár cothrom agus mar a bheadh scáthán mór airgeadach timpeall na n-oileán, na tránna míne gainimh go drithleach dealraitheach faoi thaitneamh na gréine, borradh agus fás faoi gach ní, éanacha an aeir go meidhreach ag ceol is ag ceiliúr thuas i mbuaic na spéire goirme, faoileáin gheala bhána agus éanacha eile na mara ag soláthar agus ag snámh i mbéal na toinne, gach ainmhí, gach feithide agus gach aon rud, gan buaireamh gan eile, lántsásta leis an saol, daoine anseo is ansiúd ar na tránna ag snámh agus ag folcadh sa seansáile folláin.

Nuair a thagas an geimhreadh, bíonn a mhalairt de scéal le n-aithris. An ghaoth aniar agus aniar aneas ag séideadh ina cuaifeacha uafásacha isteach ar chrios-

lach na mara móire dubhuaine; dath dubh dúr agus cosúlacht ghruama ar na hoileáin bheaga; an fharraige ina praiseach agus ina cosair chró, ag at is ag borradh, ag éirí ina meallta bána, ag lúbadh is ag cúbadh faoi neart agus smacht na gaoithe móire; thart faoi gcuairt le ciumhaiseanna na n-oileán lom uaigneach ní bhíonn le cloisteáil ach clamhsán is crónán is glúscarnach na mbruthanna fíochmhara, borba agus iarsmaí na feirge ag imeacht agus ag eiteall ina coipeadh cúir suas ó bharr an tsnáithe mara, le foscadh is dídean a fháil ar scáth na n-aílltreacha agus na gcnocán. Ní bréag a rá nach lom uaigneach an radharc é sa ngeimhreadh. Coinníonn na daoine an tinteán ar feadh an lae; anois is aríst ag tabhairt súil amach ag iarraidh a bheith ag féachaint tríd an tsíon siar ar dhroim na haibhéise coimhthí, a bhíodh mar a shílfeá go bun na spéire, ina bainne bhán. Chuirfeadh an radharc i gcuimhne is i gcosúlacht duit na Beanna Beola is a ngleannta faoi bhrait gheala de bharr sneachta aon oíche. Mura mbíonn garraí an iascaire faoi bhláthanna bána níl faocha ar thrá. Bruthanna móra ag éirí ina gclaíocha arda ag staonadh is ag cúbadh, ag borradh is ag rith is ag coimhlint le sála a chéile ag umhlú a gcíríní bána ag druidim le cladach, ag pléascadh is ag titim i mullach is i mbun a chéile, ag meascadh, ag coire guairdill agus ag fiuchadh in aon rírá amháin, go mbíonn a neart is a dteannadh féachta is ídíthe acu ar cholbha crua eibhir an oileáin, a sheas an fód go dána ina n-aghaidh leis an tsíoraíocht aimsire. Fuaim is búireach agus glúscarnach na toinne gach ala gan stad ná cónaí, fite fuaite is measctha trí ghlór agus scréachalach ardchrua ghéar na gaoithe — an toirneach mhór an t-aon torann nádúrtha a sháraíos garbhghlór na mara.

Is minic nuair a bhíos an aimsir ina círéibeacha go mbíonn na néalta dubha ag athrú dathanna mar a bhíos siad ag seoladh isteach, ag gabháil i nduibhe agus



i ngoirme, solas na tintrí ag scaladh gach re nóiméad, is ag déanamh corrán is crosóg ar na néalta dúghorma. Tagann clocha sneachta a bhíos chomh mór le huibheacha eireoige. Éiríonn ciúineadas is ní bhíonn a fhios cén cheard a mbíonn gaoth. Scalann an tintreach chomh gorm le plúirín; pléascann an toirneach; shílfeá gur clochar cloch is duirlingeacha a bheadh á ndoirteadh is á gcartadh trína chéile sna néalta os do chionn. Is comhartha doininne í a bheith sa bhfarraige an t-am sin de bhliain; is iontach an tsíon í. Cuireann sí eagla ar gach ní beo ar chonablach na cruinne.

Is ann a chaith mé tamall gan brón gan duairceas gan mairg, agus b'aoibhinn liom fanacht ann go deo. Feicim anois os comhair shúile m'intinne an bothán cois cladaigh, lán mara na rabhartaí móra ag cur aighnis orm ag leic an dorais, súiteáin ag ruatharúch is ag leagan a chéile ar an scaineamhán amach ó thaobh an tí. Boladh goirt folláin na gaoithe ón bhfarraige ag séideadh i mo thimpeall is síorphreabadh chuisle na mbristí ag teacht ar mo chluasa ar feadh an gheimhridh chrua fheannta. Cheap mé nach raibh aon áit ar chonablach na cruinne a bhainfeadh an barr de le maise is le háille, agus maidir le sult agus caitheamh aimsire ba dheacair é a shárú. Feicim os mo chomhair anois na bóithre fada bána, na daoine sna goirt ag obair, na báid ag seoltóireacht is ag tabhairt a n-aghaidh amach ar an teiscinn mhór le linn an tráthnóna, is an ghrian ag maolú siar is ag cur lonrú órga ar na beanna. Cloisim ar gach taobh glórtha binne óg is aosta sa teanga ársa a cheap is a chas Gaeil; d'ainneoin ar fhulaing siad in aimsir Chromail is roimhe agus ó shin i leith choinnigh siad beo a dteanga agus a nósanna. Níor ghéill siad riamh fós don namhaid, agus tá súil agam nach ngéillfidh nó go mbí "Éire saor chomh maith le bheith gaelach, is gaelach chomh maith le bheith saor."